# Scéal, Scéal, Scéal...





Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

18 Feabhra 2021


## SCÉIMEANNA EALAÍON NA GAELTACHTA

D'fhógair **Ealaín na Gaeltachta** le gairid go bhfuil iarratais á lorg acu do scéimeanna éagsúla dá gcuid. Tá **Scéim Cothú 2021**, scéim d'eagraíochtaí ealaíon, ionad bhunaithe atá ag cur clár leanúnach ealaíona ar fáil sa nGaeltacht ar cheann acu. Fógraíodh **Scéim na bhFéilte 2021** chomh maith. Seo scéim atá dírithe ar ghrúpaí ar suim leo féilte ealaíon a fhorbairt sa nGaeltacht. An Luan 8ú Márta an spriocdháta don dá scéim seo. Tá an **Scéim Síol** dírithe ar ghrúpaí nó ar dhaoine aonair ar suim le miontionscadail nó tosaíochtaí ealaíon a fhorbairt. Spriocdáta leanúnach atá i gceist leis an scéim seo. Is féidir níos mó eolais a fháil ag www.ealain.ie nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis na hÁisitheoirí Ealaíon réigiúnacha.

ealaín

## AN BUGAÍ BEOGA SA MBAILE

Beidh **An Bugaí Beoga sa mBaile** de chuid **Tuismitheoirí na Gaeltachta** ag tosú ar an Aoine 26 Feabhra @ 9:30r.n. ar *Zoom* le Máire-Mairéad Ní Loideáin. Cúrsa aclaíochta cúig seachtaine a bheas ann a thabharfaidh deis do Mhama, do Dheaide nó do dhuine fásta ar bith dreas aclaíochta a dhéanamh le gasúir an-óg. Tá tuilleadh eolais le fáil ach teachtaireacht a sheoladh chuig aisling@tuismitheoiri.ie



## CUISLE CHOIS FHARRAIGE

Tá tús curtha ag **Ceoltóirí Óga Chois Fharraige** le togra suimiúil: **Cuisle Chois Fharraige** i gcomhar le Cumann Forbartha Chois Fharraige. Taisce eolais a bheas ann faoi cheoltóirí, amhránaithe, damhsóirí, scríbhneoirí, scéalaithe agus ealaíontóirí ó cheantar Chois Fharraige. Crochfar na saothair seo ar fad ar an suíomh www.coisfharraige.ie áit a mbeidh an pobal áitiúil agus lucht suime an chultúir Ghaelaigh in ann teacht air, áit ar bith ar fud an domhain. Is togra é seo atá dírithe ar an teaghlach ar fad. Is féidir le daoine cúnamh a thabhairt trí eolas a bhailiú agus ailt a scríobh ar a rogha amhránaí, ceoltóir nó scríbhneoir, idir daoine atá beo inár measc nó imithe ar shlí na fírinne. Tá súil amach anseo ábhar físe agus fuaime a bhailiú agus go mbeidh bunachar sonraí úrnua agus tarraingteach ann ar fáil ar líne.

## POST LE hÚDARÁS NA GAELTACHTA

Tá post mar riarthóir airgeadais á thairiscint ag **Údarás na Gaeltachta**. In Ardoifig Údarás na Gaeltacha sna Forbacha a bheas an té a cheapfar lonnaithe. Conradh bliana atá á thairiscint. An Luan 1 Márta an spriocdháta. Is féidir níos mó eolais a fháil ag www.udaras.ie

Údarás na Gaeltachta

## AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH

Cuirfear tús leis an **nGaeltacht faoi Bhláth** ar an Máirt 23 Feabhra @ 7:30i.n. Dónall Ó Cnáimhsí a bheas i mbun cainte ar an Mháirt sin, agus An Gairdín san Earrach á phlé aige. Tabharfar deis do na rannpháirtithe ceisteanna a chur chomh maith. Le páirt a ghlacadh ann déan teagmháil le optchoisfharraige @gmail.com agus seolfar nasc chugat. Beidh deis acu siúd a fhreastlaíonn ar an imeacht duais a bhuachan. Níl costas i gceist leis an ócáid, ach moltar clárú chomh luath agus is féidir le háit a chur in áirithe. Is iomaí seisiún iontach a bheas ar siúl mar chuid den togra idir seo agus mí Bealtaine!








## SIAMSÁN SA MBAILE

Beidh **Siamsán na nÓg** le **Tuismitheoirí na Gaeltachta** ar siúl arís ar an Satharn 20 Feabhra @ 12 ar *Zoom*. Beidh deis ag gasúir agus teaghlaigh seodra a dhéanamh ag an seisiún seo! Le tuilleadh eolais a fháil, agus le clárú don seisiún déan teagmháil le meadhbh@tuismitheoiri@gmail.ie Níl aon chostas i gceist leis an seisiún ach moltar áit a chur in áirithe go luath.

## CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Beidh **Club Leabhar Chois Fharraige** ag teacht le chéile ar *Zoom* ar an gCéadaoin 10 Márta @ 8i.n. ***Íbíotsa***, cnuasach gearscéalta le Labhrás Ó Féinneadha as Baile Liam sa Spidéal a bheas á phlé. Tá an leabhar ar fáil ar líne, le lascaine de 20% ó www.coislife.ie ag baint úsáide as an gcód LF21. Tá sé ar fáil mar chlosleabhar freisin agus é sin saor in aisce! Ní gá ach scéala a sheoladh chuig clubleabharcf@gmail.com le bheith páirteach agus seolfar nasc chugat.




## MEANTÓIREACHT DO NUA-SCRÍBHNEOIRÍ

Tá deis á tabhairt do scríbhneoirí atá i dtús a gceirde comhairle faoina gcuid scríbhinní agus faoi cheird na scríbhneoireachta a fháil ó mheantóirí ar scríbhneoirí oilte iad. Tá an scéim mhaoinithe, dar teideal **An Scéim Meantóireachta 2021** oscailte anois ag Foras na Gaeilge. Cuirtear fáilte roimh iarratais ó ábhair scríbhneoirí, ó scríbhneoirí agus ó mheantóirí. Tá níos mó eolais ar fáil ag www.forasnagaeilge.ie chomh maith le foirm iarratais agus na critéir mheasúnaithe.

Foras na Gaeilge

## POST LE COMHARCHUMANN SHAILEARNA

Tá Riarthóir Oifige ag teastáil ó **Chomharchumann Shailearna**. Post lánaimseartha atá ann agus ní mór sárscileanna ríomhaireachta, tuiscint ar chuntasaíocht, taithí ar riaradh oifige agus Gaeilge líofa a bheith ag an iarrthóir. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Oifig an Chomharchumainn i Seanscoil Sailearna. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach glaoch ar Oifig an Chomharchumainn ag 091 593017 nó teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig sailearna@gmail.com. Seol litir iarratais agus CV chuig Peigí Uí Chéidigh, Bainisteoir, Seanscoil Sailearna, Indreabhán, Co. na Gaillimhe roimh 5i.n Dé hAoine 26 Feabhra.

Comharchumann Shailearna Teo

## RANGANNA GAEILGE AR LÍNE

Tá ranganna Gaeilge do thuismitheoirí á reáchtáil ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige, ach tá cúnamh uainn! Tá suirbhé réitithe againn le heolas a bhailiú maidir le riachtanais tuismitheoirí ó thaobh ranganna Gaeilge de, an t-am is feiliúnaí go háirithe. Ar líne, ar *Zoom* a bheidh na ranganna seo faoi láthair. Má tá suim agat féin nó aithne agat ar dhaoine gur mian leo Gaeilge a fhoghlaim, nó feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge ba bhreá linn cloisteáil uait! Déan teagmháil linn ag 083 010 6294 nó seol teachtaireacht ríomhphoist chuig optchoisfharraige@gmail.com le tuilleadh eolais a fháil. Scaipigí an scéal! Tá muid ag súil go mór le cloisteáil uaibh!



RANGANNA GAEILGE DO THUISMITHEOIRÍ (IRISH CLASSES FOR PARENTS)
AR LÍNE (ONLINE)

## GLEOITE: GNÓ NUA LE CAROLINE NÍ CHONAIRE

Tá **Gleoite**, gnó nua, seolta ag Caroline Ní Chonaire as Indreabhán. Is leatáin chéaracha lámhdhéanta atá á ndíol acu ón suíomh idirlín www.gleoiteireland.com. Tá réimse leathan earraí ar fáil chomh maith le dearbháin ar phraghasanna idir €2.50 agus €10. Is féidir níos mó eolais a fháil faoi tháirgí **Ghleoite** ar an suíomh idirlín nó ar an gcuntas Instagram: gleoite_eire. Guíonn muid chuile rath ar **Ghleoite**!






**Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh linn i *Scéal, Scéal, Scéal...* is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharraige@gmail.com Is féidir teagmháil a dhéanamh linn freisin má tá eolas ag teastáil uait ar aon cheann de na scéalta a luaitear anseo!**

## ÉIRE AG LÉAMH

Beidh **Éire ag Léamh** ar an Máirt 23ú Feabhra @ 7i.n. Ócáid Ghaeilge ar líne a bheas ann chun tábhacht agus pléisiúr na léitheoireachta do dhaoine óga a phlé. Beidh **Áine Ní Ghlinn**, Laureate na nÓg, á óstáil agus beidh sí ag caint le haíonna éagsúla, Sorcha Ní Chéilleachair, ó **Thuismitheoirí na Gaeltachta** agus an scríbhneoir Sadhbh Devlin ina measc. Is féidir breis eolais a fháil agus áit a chur in áirithe ag www.eventbrite.ie. Fógrófar níos mó eolais faoin ócáid agus na haíonna a bheas i láthair go luath.




ÉIRE AG LÉAMH

Laureate na nÓg